

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo?      What did you do this week?  
*Bhí mé ag ...*      *I was at ...*  
*Chuaigh mé go (dtí an) ...*      *I went to (the) ...*  
*Chonaic mé ...*      *I saw ...*  
*D'ith mé ...*      *I ate ...*
  
2. Cén modh taistil is maith leat agus tú      What means of transportation do you like  
ag déanamh turais?      as you travel?  
*m.sh. carr, traein, eitleán, rothar,*      *e.g. car, train, plane, bicycle, boat, ship,*  
*bád, long, siúl*      *walking*
  
3. An bhfuil suim agat sa leigheas?      Are you interested in medicine?
  
4. An raibh ort garchabhair a thabhairt      Did you ever have to give first aid to  
do dhuine éigin riabh?      someone?

**Dúnmharú ar an Dart (Ruairí Ó Baille)**

**Murder on the Dart**

1. “Huth! Fiche suíochán folamh sa charráiste, agus caithfidh sé suí ar mo cheannsa.!” “Huh! Twenty empty seats in the carriage, and he has to sit on mine.”
2. Ní dúirt an fear eile rud ar bith. The other man didn't say anything.
3. “Tá sé fuar.” arsa Niall chun an ciúnas a bhriseadh. “It's cold.” said Niall to break the silence.
4. Dhún an fear eile a shúile. The other man closed his eyes.
5. “Féach ar sin! Amuigh ag damhsa go dtí a cúig a chlog ar maidin is dócha.” “Look at him! Out dancing until five in the morning probably.”
6. Thit ceann an fhir óig anuas ar ghualainn Niall. The young man's head fell down on Niall's shoulder.
7. “In ainm Dé!” ar seisean leis féin. “In God's name!” he said to himself.
8. “Tá mo bhríste fliuch, tá mo thóin tinn, agus anois tá daoine ag dul a chodladh orm!” “My pants are wet, my bum is sore, and now people are going to sleep on me!”
9. Chuir sé a lámh ar lámh an duine eile. He put his hand on the other man's hand.
10. “Em.... gabh mo leithscéal. An bhfuil tú ceart go leor?” “Ehm... excuse me. Are you alright?”
11. Ni bhfuair sé aon fhreagra. He didn't get any answer.
12. “Bhuel, is féidir leatsa an lá ar fad a chaitheamh i do chodladh ansin. “Well, you can spend the whole day asleep there.
13. Tá obair le déanamh agamsa!” Sheas sé. I have work to do!” He stood.
14. Nuair a bhí gualainn Niall imithe, thit an fear eile síos ar an suíochán. When his shoulder was gone, the other man fell down on the seat.
15. D'fhan sé ansin soicind, agus ansin thit sé ar an urlár, é ag bualadh a chinn go dona. He stayed there a second, and then fell on the floor, hitting his head badly.

- |     |   |   |
|-----|---|---|
| 16. | “Ó, a dhiabhail!” Sheas bean a chonaic an rud a tharla, agus lig sí scread aisti.             | “Oh, devil!” A woman who saw what happened stood, and she screamed.                           |
| 17. | “Aaaaaaieeee! Tá sé marbh!”   | “Aaaaaaieeee! He’s dead!”   |
| 18. | Chuaigh Niall síos ar a ghlúine.  | Niall went down on his knees.   |
| 19. | “Níl sé marbh, tá...” Stop sé.  | “He’s not dead, he...” He stopped.  |
| 20. | Bhí cóta an fhir oscailte anois.  | The man’s coat was opened now.  |
| 21. | Bhí paiste dearg ar a léine.  | There was a red patch on his shirt.   |
| 22. | D’fhéach Niall ar a lámha féin.   | Niall looked at his own hands.  |
| 23. | Bhí siad fliuch – le fuil!  | They were wet – with blood!   |
| 24. | “Stop an traein! Stop an traein!”   | “Stop the train! Stop the train!”   |
| 25. | Rith an bhean go dtí an corda éigeandála agus tharraing sí é.                                 | The woman ran to the emergency cord and pulled it.  |
| 26. | Chuala siad screadaíl fhada, agus, go mall, tháinig an traein chun stop.                      | They heard a long screech, and, slowly, the train came to a stop.                             |
| 27. | Níor thóg sé ach tríocha soicind ar an tiomanaí teacht.                                       | It only took thirty seconds for the driver to come.   |
| 28. | Fear beag ramhar a bhí ann, a raibh gruaig liath ar dhá thaobh a chinn, agus tada ar a bharr. | He was a small portly man, who had grey hair on the two sides of his head and nothing on top. |
| 29. | “Céard é seo? Céard é seo? Cé rinne é sin? £25 (cúig phunt is fiche) is ea an phionós má...”  | “What’s this? What’s this? Who did that? The penalty is £25 if...”                            |
| 30. | Chonaic sé an fear ar an talamh.  | He saw the man on the ground.   |
| 31. | “Otharcharr! Caithfimid otharcharr a fháil.   | “Ambulance! We have to get an ambulance.  |
| 32. | Tá ospidéal i nDún Laoghaire, beidh muid ag stopadh ansin.”                                   | There’s a hospital in Dún Laoghaire, we will be stopping there.”                              |

**Ceisteanna**

**Questions**

- |  |  |
|--|--|
| 1. Cé a bhí ina shuí in aice le Niall?                     | Who was sitting next to Niall?                     |
| 2. Cén fáth go ndúirt Niall go raibh sé fuar?              | Why did Niall say that it was cold?                |
| 3. Cad a dúirt an fear eile?                               | What did the other man say?                        |
| 4. Cad a tharla nuair a sheas Niall suas?                  | What happened when Niall stood up?                 |
| 5. Cad a rinne an bhean?                                   | What did the woman do?                             |
| 6. Cé a tháinig tar éis don traein stopadh?                | Who came after the train stopped?                  |
| 7. Cad a ndúirt an tiomanaí nuair a chonaic sé an fear óg? | What did the driver say when he saw the young man? |
| 8. Cén áit ina bhfuil ospidéal?                            | Where is there a hospital?                         |
| 9. An raibh tú in otharcharr riamh?                        | Were you ever in an ambulance?                     |
| 10. An raibh tú san ospidéal riamh?                        | Were you ever in the hospital?                     |
| 11. Cén rud is fearr leat faoin ospidéal?                  | What do you like best about the hospital?          |
| 12. Cén rud is measa faoin ospidéal?                       | What is the worst thing about the hospital?        |